# Straitéis Eagrúcháin an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (CNCC)

# 2020 – 2022

# Clár Ábhair

Réamhrá agus Cúlra ....... 3

Forbairt an Phlean Straitéisigh ....... 4

Ráiteas Físe ....... 5

Ráiteas Misin ....... 5

Ráiteas Príomhluachanna ....... 5

Aidhmeanna Straitéiseacha agus Cuspóirí ....... 6

- Sprioc 1 ....... 6
- Sprioc 2 ....... 6
- Sprioc 3 ....... 7
- Sprioc 4 ....... 7
- Sprioc 5 ....... 8

Imeascadh Páirtithe Leasmhara ....... 9

Pleanáil Feidhmithe agus Tuairisciú ....... 9

Aguisín A - Forbairt an Phlean Straitéisigh ....... 10

Aguisín B – Struchtúr Eagrúcháin ....... 11

Aguisín C - Plean Gníomhartha ....... 12

## Réamhrá agus Cúlra

Is comhlacht corparáideach é an CNCC, ag a bhfuil feidhmeanna agus freagrachtaí mar a leagtar amach de réir Ionstraim Reachtúil 179 - An tOrdú um Bord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (Bunú), 2004 agus an tAcht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais, 2009.

I measc a phríomhfheidhmeanna tá:

- Soláthar cóireáil ospidéil d'aicmí daoine, a gcinneann an tAire iad, a eagrú;
- Eolas maidir le daoine atá ag fanacht ar chóireáil ospidéil phoiblí a bhailiú, a chur i dtoll a chéile agus a dhearbhú;
- Socruithe praghsála a aontú le tithe altranais príobháideacha agus deonacha de réir na Scéime um Thacaíocht Tithe Banaltrais;
- Comhairle a thabhairt don Aire Sláinte maidir le hábhair a bhaineann leis; agus
- Aon fheidhm eile, a sannann an tAire Sláinte é, a dhéanamh agus ó bhí Iúil 2012 ann, áirítear leis seo an fhreagracht as liostaí feithimh d'othair sheachtracha a fhoilsiú.

Feidhm an doiciméid seo ná sprioc an CNCC a leagan amach, chun a phríomhthosaíochtaí straitéiseacha do na blianta 2020-2022 a léiriú agus chun na nithe seo a chur ar fáil i bhfoirm Plean Straitéiseach. Forbraíonn an Plean Straitéiseach an méid a cuireadh ar bun sa Phlean Straitéiseach agus Gníomhartha 2017-2019.

Leagann an Plean cuspóirí agus gníomhaíochtaí pleanáilte an CNCC amach do na trí bliana atá léirithe sna cúig aidhm straitéiseacha ar ghlac an Bord leo.

Anuas air seo, forbraíodh plean feidhmithe mionsonraithe chun tacú leis na haidhmeanna seo, ag aithint príomhchuspóirí agus tascanna, agus leagadh spriocanna agus táscairí ábhartha amach ionas gur féidir an fheidhmíocht a thomhas. Tríd an bPlean a chur i bhfeidhm agus a chuid oibre a dhéanamh, déanfaidh an CNCC iarracht caidrimh dhearfacha fhiúntacha leis na páirtithe leasmhara ar fad a choinneáil agus gníomhóidh sé ar bhealach cóir trédhearcach.

## Forbairt an Phlean Straitéisigh

D’oibrigh an Bord go dlúth leis an gCoiste Feidhmiúcháin chun treo straitéiseach na heagraíochta a leagan amach do na trí bliana a mhairfidh an Plean. Díreoidh an eagraíocht ar a chuid feidhmeanna agus freagrachtaí reachtúla a chomhlíonadh go héifeachtach agus go héifeachtúil.

Eagraíodh roinnt cleachtaí agus ceardlann éascaithe d’fhonn ábhar na straitéise a fhorbairt agus chun riachtanais athraitheacha na n-othar agus na seirbhíse sláinte ar fad a chur san áireamh. Rinne an Bord agus an Coiste Feidhmiúcháin athbhreithniú ar na príomhchodanna tábhachtacha straitéiseacha i gceardlanna éascaithe agus rinne an Bord Stiúrtha tuilleadh athbhreithnithe orthu, chuir siad leis na codanna agus d’aontaigh siad iad.



## Ráiteas Físe

***"An Fhís atá againn ná go mbeidh rochtain thráthúil ag othair ar chóireáil chuí agus go mbeidh rochtain acu siúd atá i ngátar ar sheirbhísí cúraim fadtéarmacha lena bhfuil praghas oiriúnach"***

## Ráiteas Misin

***"An Misean atá againn ná tacaíocht a thabhairt do rochtain thráthúil ar chúram oiriúnach agus na rudaí a leanas á ndéanamh againn:***

- ***Cóireáil a eagrú d'othair***
- ***Eolas maidir le liostaí feithimh atá cinntithe go neamhspleách a chur ar fáil***
- ***Saineolas agus tacaíocht a thabhairt don chóras sláinte***
- ***Idirbheartaíocht a dhéanamh maidir le seirbhísí tithe altranais"***

## Ráiteas Príomhluachanna

Tá na luachanna seo a leanas taobh thiar den obair go léir a dhéanann an CNCC:

**1. Dírithe ar an Othar**
"*Tá meas ar an othar ag croílár gach a dhéanaimid.*"

**2. Ionracas**
"*Coimeádaimid ár neamhspleáchas mar ghníomhaireacht reachtúil, oibrímid le mion an ionracais agus an chomhionannais agus táimid cuntasach mar is oiriúnach, agus freagrach as na cinntí a dhéanaimid."*

**3. Nuálach**
"*Táimid nuálach, sofhreagrúil, onnghníomhach agus freagrúil.*"

**4. Saineolas**
"*Is saineolaithe muid sa réimse ina bhfuilimid agus leanaimid cur chuige bunaithe ar chuspóirí agus ar fhianaise agus obair á déanamh againn.*"

**5. Comhoibríoch**
"*Oibrímid i gcomhpháirtíocht leis na príomhpháirtithe leasmhara atá againn le comhairliúchán agus comhobair laistigh de chultúr a bhfuil meas againn ar a chéile chun tairbhe iad siúd a dteastaíonn ár seirbhísí uathu.*"

## Aidhmeanna Straitéiseacha agus Cuspóirí

I ndiaidh an athbhreithnithe, molann an Coiste Feidhmiúcháin na spriocanna straitéiseacha seo a leanas:

### Sprioc 1

***"Cóireáil atá ráthaithe ó thaobh caighdeáin de a shocrú d'othair."***

***Cuspóirí:***

1. *Plean gnímh um chúram sceidealaithe a bhunú agus a aontú leis an Roinn Sláinte gach bliain agus cuspóirí an phlean sin a sholáthar dá réir.*
2. *Creat chuí um chaighdeán a ráthú a choimeád agus a reáchtáil chun cóireáil a shocrú.*
3. *Monatóireacht agus feabhas a dhéanamh ar fheidhmíocht shocrú na gcóireálacha.*

### Sprioc 2

***"Eolas dearbhaithe maidir le liostaí feithimh a bhailiú agus a chur ar fáil, chomh maith le faisnéis lena dtacaíonn na próisis chuí agus iniúchadh."***

***Cuspóirí:***

1. *Próisis dhearbhaithe fheabhsaithe a choinneáil agus a fhorbairt le haghaidh bhailiú agus bhainistíocht na sonraí maidir le liostaí feithimh.*
2. *Dearbhú riaracháin a dhéanamh ar liostaí feithimh.*
3. *Cláir a bhaineann le hiniúchadh agus caighdeán sonraí a fhorbairt agus a sholáthar.*
4. *Córais shlána a choinneáil i gcomhréir le riachtanais rialála le haghaidh bhailiú agus stóráil shonraí na n-othar.*
5. *Córais fheabhsaithe a fhorbairt le haghaidh chomhtháthú, anailísiú agus thuairisciú na sonraí maidir le liostaí feithimh.*
6. *Uirlisí agus córais inmharthana chomhtháite le haghaidh próiseas a fhorbairt, go hinmheánach agus laistigh den chóras sláinte.*

## Sprioc 3

***"Idirbheartaíocht a dhéanamh ar phraghsanna inmharthana le haghaidh cúraim fhadtéarmaigh i gcomhréir leis an gcúram atá againn."***

***Cuspóirí:***

1. *Idirbheartaíocht a dhéanamh ar shocruithe praghsála le haghaidh cúraim fhadtéarmaigh.*
2. *Córais phraghsála le haghaidh cúraim fhadtéarmaigh a fhorbairt le comhaontú an Aire.*
3. *Torthaí na Tuarascála ar Athbhreithniú ar phraghsáil an CNCC faoin NHSS a chur chun cinn.*
4. *Bheith rannpháirteach leis an Roinn maidir leis an tuarascáil ar Athbhreithniú ar phraghsáil an CNCC faoin NHSS*

## Sprioc 4

***"Saineolas a thabhairt don Aire agus tacaíocht ábhartha maidir le rochtain níos fearr ag othair, tuairisciú ar liostaí feithimh agus bainistíocht agus praghsáil cúraim fhadtéarmaigh."***

***Cuspóirí:***

1. *Leanúint orainn ag forbairt an chórais agus na bpróiseas a bhaineann le tuairisciú a dhéanamh ar liostaí feithimh.*
2. *Bheith rannpháirteach i bhfóraim náisiúnta a bhaineann le cúram sceidealaithe.*
3. *Athbhreithnithe a dhéanamh ar bhainistíocht liostaí feithimh chun cur le beartais náisiúnta.*
4. *Tuairiscí a thabhairt don Roinn Sláinte maidir le hanailís na sonraí agus meastacháin a dhéanamh.*
5. *Obair a dhéanamh i gcomhpháirt le hollscoileanna agus páirtithe taighde chun clár feabhsaithe an chúraim sceidealaithe a chur chun cinn.*
6. *Obair a dhéanamh le páirtithe leasmhara chun córais a fhorbairt le haghaidh pleanála acmhainne agus éilimh.*
7. *Leanúint le obair a dhéanamh i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara.*

## Sprioc 5

***"Ar bpobal a chumasú, ár gcórais a neartú agus forbairt a dhéanamh ar an gcultúr atá againn chun barr feabhais eagrúcháin a bhaint amach agus chun an tionchar atá againn a uasmhéadú."***

***Cuspóirí:***

1. *Eagraíocht foghlama a thacaíonn lenár bhfoireann agus a dhéanann iad a fhorbairt a choinneáil.*
2. *Struchtúr, cultúr, acmhainní inmheánacha, córais TF agus próisis oibriúcháin eagrúcháin atá sainoiriúnaithe a choimeád*
3. *Bonneagar iontach rialachais corparáideach a choimeád, lena n-áirítear na caighdeáin chuí náisiúnta a chomhlíonadh.*
4. *Straitéis chumarsáide chuí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.*

## Imeascadh Páirtithe Leasmhara

Agus a Phlean Straitéiseach agus Gníomhartha á fhorbairt ag an CNCC, bhí sé feasach maidir leis an ról atá aige i seirbhís sláinte na hÉireann. Maidir leis sin, measfar rath na straitéise trína chinntiú go ndéantar príomhchuspóirí a ailíniú le cuspóirí na seirbhíse sláinte níos leithne.

Chun ár rún straitéiseach a dhearbhú, rinneadh próiseas comhairliúcháin mionsonraithe, mar sin de, sular cuireadh i gcrích é lena fhoilsiú. Is é a bhí i gceist leis an bpróiseas sraith seisiún faisnéise duine le duine a chur chun feidhme le liosta comhaontaithe de phríomhpháirtithe leasmhara agus de dhaoine a bhfuil tionchar acu ar fud an chórais. Áiríodh pearsanra sinsearach leis sin ó na comhlachtaí a leanas: an Roinn Sláinte; Sláintecare, FSS; ospidéil phríobháideacha agus phoiblí, comhlachtaí ionadaíochta na n-othar agus na gcliniceoirí, comhlachtaí ionadaíochta na n-ospidéal agus na dtithe altranais agus comhairleoirí an CNCC.

Bunaithe ar an aiseolas luachmhar a soláthraíodh rinneadh an straitéis dréachta a leasú agus a chríochnú.


## Pleanáil Feidhmithe agus Tuairisciú

Agus na Spriocanna Straitéiseacha á gcur ar bun, tá na príomhghníomhartha atá riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach socruithe ag Bord an CNCC, chomh maith le critéir a ratha.  Beidh na gníomhartha seo ag teacht go soiléir leis na gníomhartha ó na Pleananna Seirbhíse Bliantúla le haghaidh tréimhse an Phlean Straitéisigh.


Deimhneoidh an Bord agus an Coiste Feidhmiúcháin córais smachta chun cinnte a dhéanamh go gcuirfear an straitéis i bhfeidhm go tráthúil agus chun a chinntiú go bhfuil an tionchar cuí ag na córais atá á gcur i bhfeidhm.

Tá Príomhtháscairí Feidhmíochta ábhartha cuí mar chuid den Phlean Gníomhartha atá sa doiciméad seo.  Déanfar monatóireacht ar na príomhtháscairí feidhmíochta le linn thréimhse an Phlean Straitéisigh.  Glacfar le cur chuige mion chun tuairisc a dhéanamh ar na príomhtháscairí seo chun a chinntiú go leanfaidh siad ar aghaidh ag tacú le soláthar mhisean an CNCC. Cuirfidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin tuairiscí rialta ar fheidhmiú gach gné den phlean straitéiseach isteach chuig Bord an CNCC.
Déanfar measúnú ar an timpeallacht sheachtrach ina n-oibríonn an CNCC.  Déanfar é seo chun a chinntiú go leanfaidh na cuspóirí aitheanta ar aghaidh ag tacú le baint amach mhisean an CNCC, go dtiocfaidh na cuspóirí le luachanna an CNCC agus go mbeidh siad dírithe ar bhaint amach fhís an CNCC.

# Aguisín A - Forbairt an Phlean Straitéisigh



## Aguisín B – Struchtúr Eagrúcháin



## Aguisín C - Plean Gníomhartha

Leagann an Plean Gníomhartha na príomhghnéithe amach chun na Cuspóirí Straitéiseacha a aithnítear a bhaint amach.
Aithníonn an Plean Gníomhartha na Gníomhartha, na Torthaí agus na Fachtóirí Ríthábhachtacha Ratha. Tá Amlínte Feidhmithe agus Príomhtháscairí Feidhmíochta ann freisin.

## Sprioc 1: “Cóireáil atá ráthaithe ó thaobh caighdeáin de a shocrú d’othair.”

| **Cuspóirí Sprioc 1** | **Amlíne** | **Toradh Inmhianaithe** | **Príomhtháscairí Feidhmíochta/Monatóireacht an Bhoird** | **Fachtóirí Ríthábhachtacha Ratha** |
|---|---|---|---|---|
| *Déan cur síos ar an gCuspóir anseo agus líon an tábla.* | *Déan cur síos ar an amlíne soláthair do phríomhtháirgí insoláthartha an chuspóra.* | *Socraigh spriocanna don chuspóir, agus déan cur síos ar aidhm an chuspóra.* | *Déan cur síos ar an bPríomhtháscaire Feidhmíochta ábhartha chun an rath a thomhas agus an mhodheolaíocht / an mhinicíocht atá le cur i bhfeidhm le haghaidh mhonatóireacht an Bhoird.* | *Déan cur síos gairid ar na fachtóirí ríthábhachtacha ratha atá ag teastáil le haghaidh feidhmiú agus toradh rathúil.* |
| 1. Plean gníomhartha um chúram sceidealaithe a bhunú agus a aontú leis an Roinn Sláinte gach bliain agus cuspóirí an phlean sin a sholáthar dá réir. | Bliantúil | • Rochtain níos fearr d’othair<br>• Cóireáil atá ráthaithe ó thaobh caighdeáin de<br>• Sásamh na n-othar<br>• Luach an airgid | • Monatóireacht agus tuairisciú míosúil ar spriocanna aontaithe gníomhaíochta<br>• Monatóireacht leanúnach ar Chreat Ráthaithe Riosca ardchaighdeáin le haghaidh shocrú na gcóireálacha<br>• Monatóireacht leanúnach ar fheidhmíocht an phróisis choimisiúnaithe | Soláthar an pháirtí leasmhair<br><br>Acmhainní cuí |
| 2. Creat chuí um chaighdeán a ráthú a choimeád agus a reáchtáil chun cóireáil a shocrú. | Leanúnach | | | |
| 3. Monatóireacht agus feabhas a dhéanamh ar fheidhmíocht shocrú na gcóireálacha. | Leanúnach | | | |

## Sprioc 2: “Eolas dearbhaithe maidir le liostaí feithimh a bhailiú agus a chur ar fáil, chomh maith le faisnéis lena dtacaíonn na próisis chuí agus iniúchadh.”

| Cuspóirí Sprioc 2 | Amlíne | Toradh Inmhianaithe | Príomhtháscairí Feidhmíochta/Monatóireacht an Bhoird | Fachtóirí Ríthábhachtacha Ratha |
|---|---|---|---|---|
| 1. Próisis dhearbhaithe fheabhsaithe a choinneáil agus a fhorbairt le haghaidh bhailiú agus bhainistíocht na sonraí maidir le liostaí feithimh. | Leanúnach | • Caighdeán agus iomláine sonraí feabhsaithe<br>• Liosta feithimh dearbhaithe iniúchta<br>• Córais shlána coimeádta<br>• Feabhas leanúnach ar an bpróiseas | • Foilsiú míosúil liostaí feithimh<br>• Monatóireacht mhíosúil a dhéanamh ar spriocanna um Chaighdeán agus Iomláine Sonraí<br>• Monatóireacht agus tuairisciú míosúil ar an gclár dearbhaithe<br>• Monatóireacht agus tuairisciú míosúil ar sholáthar na bpleananna iniúchta<br>• Athbhreithniú leanúnach slándála<br>• Monatóireacht leanúnach ar RGCS agus cosaint sonraí<br>• Monatóireacht agus tuairisciú míosúil ar fheidhmiú agus inmharthanacht na n-uirlisí feabhsaithe próisis | Soláthar an pháirtí leasmhair.<br><br>Acmhainní cuí.<br><br>Oiliúint agus feasacht leanúnach ar RGCS |
| 2. Dearbhú riaracháin a dhéanamh ar liostaí feithimh. | Leanúnach | | | |
| 3. Cláir a bhaineann le hiniúchadh agus caighdeán sonraí a fhorbairt agus a sholáthar. | Leanúnach | | | |
| 4. Córais shlána a choinneáil i gcomhréir le riachtanais rialála le haghaidh bhailiú agus stóráil shonraí na n-othar. | Leanúnach | | | |
| 5. Córais fheabhsaithe a fhorbairt le haghaidh chomhtháthú, anailísiú agus thuairisciú na sonraí maidir le liostaí feithimh. | Leanúnach | | | |
| 6. Uirlisí agus córais inmharthana chomhtháite le haghaidh próiseas a fhorbairt, go hinmheánach agus laistigh den chóras sláinte. | Leanúnach | | | |

## Sprioc 3: "Idirbheartaíocht a dhéanamh ar phraghsanna inmharthana le haghaidh cúraim fhadtéarmaigh i gcomhréir leis an gcúram reachtúil atá againn."

| Cuspóirí Sprioc 3 | Amlíne | Toradh Inmhianaithe | Príomhtháscairí Feidhmíochta/Monatóireacht an Bhoird | Fachtóirí Ríthábhachtacha Ratha |
|---|---|---|---|---|
| Idirbheartaíocht a dhéanamh ar shocruithe praghsála le haghaidh cúraim fhadtéarmaigh. | Leanúnach | • Margadh inmharthana le haghaidh cúraim fhadtéarmaigh<br>• Córais agus próisis chuí chun idirbheartaíocht le háiseanna cúraim chónaithe fhadtéarmaigh a bhainistiú | • Líon na leapacha cónaithe fhadtéarmaigh agus líon na dtithe altranais<br>• Monatóireacht agus tuairisciú míosúil ar phraghsáil an chúraim chónaithe<br>• Monatóireacht bhliantúil ar dhul chun cinn fhorbairt an chórais phraghsála fhadtéarmaigh<br>• Plean feidhmithe a ullmhú agus tuairisc ar dhul chun cinn a chur isteach chuig Bord an CNCC | Foireann CNCC oilte agus ag a bhfuil taithí<br>Aontú an pháirtí leasmhair<br>Acmhainní atá ar fáil<br>Ceadú acmhainní, an fhoireann san áireamh |
| Córais phraghsála le haghaidh cúraim fhadtéarmaigh a fhorbairt le comhaontú an Aire. | Bliantúil | | | |
| Torthaí na Tuarascála ar Athbhreithniú ar phraghsáil an CNCC faoin NHSS a chur chun cinn. | 2020 | | | |

## Sprioc 4: “Bheith mar fhoinse saineolais don Aire maidir le rochtain ag othair a fheabhsú, tuairisciú ar liostaí feithimh agus bainistíocht agus praghsáil cúraim fhadtéarmaigh, agus tacaíocht a chur ar fáil.”

| Cuspóirí Sprioc 4 | Amlíne | Toradh Inmhianaithe | Príomhtháscairí Feidhmíochta/Monatóireacht an Bhoird | Fachtóirí Ríthábhachtacha Ratha |
|---|---|---|---|---|
| 1. Leanúint le forbairt an chórais agus na bpróiseas a bhaineann le tuairisciú a dhéanamh ar liostaí feithimh. | Leanúnach | • Sonraí ábhartha na liostaí feithimh ar fáil<br>• Cinnteoireacht ag a bhfuil níos mó eolais agus é bunaithe ar fhianaise<br>• Déan comhpháirtíochtaí acadúla a dhearadh agus a sholáthar<br>• Rannpháirtíocht fheabhsaithe páirtithe leasmhara<br>• Eispéireas agus seirbhís níos fearr d’othair agus dóibh siúd atá i ngátar | • Tuairisciú rialta ar an eagraíocht agus ar an gcóras sláinte | Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara<br><br>Acmhainní atá ar fáil<br><br>Fáil na bpáirtithe leasmhara<br><br>Rochtain ar eolas ábhartha |
| 2. Bheith rannpháirteach i bhfóraim náisiúnta a bhaineann le cúram othair. | Leanúnach | | | |
| 3. Athbhreithnithe a dhéanamh ar bhainistíocht liostaí feithimh chun cur le beartais náisiúnta. | Leanúnach | | | |
| 4. Tuairiscí a thabhairt don Roinn Sláinte maidir le hanailís na sonraí agus meastacháin a dhéanamh. | Ó R2 2021 | | | |
| 5. Obair a dhéanamh i gcomhpháirt le hollscoileanna agus páirtithe taighde chun clár feabhsaithe an chúraim sceidealaithe a chur chun cinn. | R4 2020 | | | |
| 6. Obair a dhéanamh le páirtithe leasmhara chun córais a fhorbairt le haghaidh pleanála acmhainne agus éilimh. | Leanúnach | | | |
| 7. Leanúint le obair a dhéanamh i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara. | Leanúnach | | | |

**Sprioc 5:** **"Ar bpobal a chumasú, ár gcórais a neartú agus forbairt a dhéanamh ar an gcultúr atá againn chun barr feabhais eagrúcháin a bhaint amach agus chun an tionchar atá againn a uasmhéadú."**

<table>
<tr><th>Cuspóirí Sprioc 5</th><th>Amlíne</th><th>Toradh Inmhianaithe</th><th>Príomhtháscairí Feidhmíochta/Monatóireacht an Bhoird</th><th>Fachtóirí Ríthábhachtacha Ratha</th></tr>
<tr><td>1. Eagraíocht foghlama a thacaíonn lenár bhfoireann agus a dhéanann iad a fhorbairt a choinneáil.</td><td>Measúnú Leanúnach Bliantúil</td><td rowspan="4">• Lucht saothair atá oilte, ag a bhfuil taithí agus atá tiomnaithe chun cuspóirí straitéiseacha an CNCC a sholáthar<br>• Cultúr ardfheidhmíochta eagrúcháin<br>• Comhlíonadh riachtanas ábhartha dlíthiúla agus treoirlínte an Rialtais<br>• Luach an airgid a fháil ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin<br>• Cumarsáid níos fearr leis an bpobal, le fostaithe agus le páirtithe leasmhara eile</td><td rowspan="4">• Feidhmiú agus monatóireacht PMDS<br>• Rianú agus feidhmiú moltaí iniúchóireachta inmheánacha agus seachtracha<br>• Monatóireacht agus tuairisciú ar Shaoráil Faisnéise, cosaint sonraí, iarratais chosanta nochta agus PQ<br>• Tuairisciú míosúil ar chuntais bhainistíochta<br>• Comhlíonadh gach riachtanas tuairiscithe rialachais chorparáidigh<br>• Monatóireacht agus tuairisciú ar phleanáil an lucht saothair<br>• Monatóireacht agus tuairisciú ar fhorbairt agus ar fheidhmiú na straitéise cumarsáide</td><td rowspan="4">Acmhainní cuí<br><br>Foireann oilte tiomnaithe<br><br>Rannpháirtíocht agus cumarsáid leanúnach<br><br>Caidreamh dearfach le páirtithe leasmhara</td></tr>
<tr><td>2. Struchtúr, cultúr, acmhainní inmheánacha, córais TF agus próisis oibriúcháin eagrúcháin atá sainoiriúnaithe a choimeád</td><td>Leanúnach</td></tr>
<tr><td>3. Bonneagar iontach rialachais corparáideach a choimeád, lena n-áirítear na caighdeáin chuí náisiúnta a chomhlíonadh.</td><td>Leanúnach</td></tr>
<tr><td>4. Straitéis chumarsáide chuí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.</td><td>Ó 2020</td></tr>
</table>